

# A chéimithe, ar mhaith libh gairm bheatha a thosú i réimse na cánach?

Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Oifigeach Riaracháin Iarchéime.

Cuir le todhchaí na hÉireann agus do thodhchaí féin á thógáil agat.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# An bhfuil fonn foghlama ort agus tú réidh chun céim a thógáil i dtreo gairm bheatha thairbheach?

Oibríonn ár bhfoireann de bheagnach 7,000 duine thar raon leathan feidhmeanna saineolais.

Tar ag obair linn, is cuma cén chéim atá agat, gheobhaidh tú deis chun fás agus tionchar a imirt anseo.



# Maidir leis an gclár:

Mar chuid den chlár, beidh tú in ann:

- **taithí uathúil a fháil** ar róil theicniúla chánach nach féidir ach leis na Coimisinéirí Ioncaim a thairiscint,
- **cáilíocht chánach aitheanta a fháil** trínár gclár urraíochta do Chomhairleoir Cánach Cairte, agus gach oiliúint agus tacaíocht eile a fháil chun go n-éireoidh leat.
- **punann gairme leathan a fhorbairt** trí thaithí a fháil i réimsí éagsúla oibre, agus bunchloch láidir a thógáil le haghaidh dul chun cinn gairme agus ardú céime sa todhchaí, chomh maith le
- líonra gairmiúil a fhorbairt i measc céimithe eile atá ag tosú in éineacht leat, agus nasc a dhéanamh le comhghleacaithe agus meantóirí le sárthaithí ó ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim.




# Láthair

Beidh tú lonnaithe i gceann dár n-oifigí i **mBaile Átha Cliath** nó i **Luimneach**.

Tar éis tréimhse ionduchtaithe san oifig ar dtús, beidh tú in ann tairbhe a bhaint as ár **scéim oibre cumaisc**.

# Buntáistí

**Tuarastal tosaigh de €40,268**, a ardaíonn gach bliain le seirbhís shásúil.

**25 lá saoire bhliantúil**, a ardaíonn go 29 lá tar éis 5 bliana seirbhíse.

**Socruithe oibre solúbtha** agus **tionscnaimh chun tacú le folláine agus le cothromaíocht oibre is saoil**.



# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Mar chuid dár bhfoireann, beidh tú in ann barr do chumais a bhaint amach, le **deiseanna iontacha** chun do thacar scileanna a fhás agus do **ghairm bheatha a chur chun cinn** trí dhúshláin nua a shárú agus róil éagsúla a ghlacadh, uilig laistigh d'aon eagraíocht amháin.

Cabhróidh tú freisin le **difríocht a dhéanamh** ar scála mór, trí bheartais agus reachtaíocht chánach a mhúnlú, agus ról ríthábhachtach a chomhlánú chun an **córas cánach a choinneáil cothrom** do chách.

Is beag gairm a thugann an deis chéanna duit **do ghairm bheatha féin a chur chun cinn** agus **freastal ar do phobal** ar an mbealach seo.

# Cén fáth tusa?

Éireoidh go geal leat sa ról seo más duine thú:

- an dteastaíonn gairm uait a thugann dúshlán, luach saothair agus spreagadh duit,
- atá díograiseach, a bhfuil díocas foghlama orthu, agus atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh, agus
- a bhaineann sult as a bheith ag obair le daoine eile chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna a bhaint amach.



# Cuir tús le do ghairm bheatha le post atá níos tairbhí ná 'gnáthphost'.

Téigh chuig ár gCóras Rianaithe d'Iarratasóirí chun léiriú spéise a chlárú agus a bheith i measc na gcéad daoine a gheobhaidh amach nuair a osclaítear na hiarratais

Revenue

Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs